



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2021*

## *Gaeilge Ardleibhéal*

---

**Páipéar II**

120 MARC

---

**Dé Máirt  
15 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

---

***Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3***

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi **thrí** cheist mar seo a leanas:

Ceist 1 (50 marc)

**agus**

Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc)

**agus**

Ceist 4 (40 marc)

**Ceist 1:** Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **nó** Léamhthuiscint B (50 marc).  
Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.  
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Freagair Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc).

**Ceist 2:** Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).

**2A. Prós Ainmnithe**

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 2A (a) **nó** 2A (b).

**2B. Prós Roghnach**

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 2B (a) **nó** 2B (b).

**NÓ**

**Ceist 3:** Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 3A (a) **nó** 3A (b).

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 3B (a) **nó** 3B (b).

**Ceist 4:** An Litríocht Bhreise (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

# Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (50 marc)

Freagair Léamhthuisicint A nó Léamhthuisicint B anseo.

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna ar fad a ghabhann leis.

## John Hume – Laoch na Síochána

1. Nuair a fógraíodh bás John Hume ar an 3 Lúnasa 2020, scaip an scéal go tapa ar na meáin chumarsáide ar fud an domhain. Láithreach bonn, moladh é i gcéin agus i gcógar mar fhear déanta na síochána i dTuaisceart Éireann. Sa bhliain 1998, ainmníodh John Hume agus David Trimble mar chomhbhuaiteoirí Dhuais Nobel na Síochána. Bronnadh an duais ar John Hume ar son an tríocha bliain a bhí caite aige ag forbairt na síochána i dTuaisceart Éireann agus de bharr a chuid iarrachtaí in éineacht le David Trimble chun teacht ar réiteach síochánta ar an gcoimhlint ann. Bronnadh Duais Síochána Martin Luther King air an bhliain dár gcionn. Ba mhór an chúis mhórtais do John an duais sin a bhuachan mar bhí Martin Luther King ina laoch aige ina shaol poiblí riamh anall. Bhí Martin Luther King ina cheannaire ar Ghluaiseacht na gCeart Sibhialta i Stáit Aontaithe Mheiriceá sna 1950í agus sna 1960í. Chothaigh sé an agóidíocht shíochánta seachas an foréigean san fheachtas chun cearta sibhialta a bhaint amach do dhaoine gorma, an cur chuige céanna a bhí mar bhunús le hobair John Hume ar feadh a shaoil.

2. Rugadh John Hume i gcathair Dhoire sa bhliain 1937, an duine ba shine de sheachtar clainne. Ní raibh a mhuintir go maith as. Chaill a athair a phost sa longchlós sa chathair nuair a bhí John ocht mbliana d'aois. Níor éirigh leis post eile a fháil riamh arís. D'oibríodh máthair John go páirtaimseartha sna monarchana áitiúla léinte chun an teaghlach a chothú. Théadh John ag dáileadh nuachtán gach lá chun cur le teacht isteach an teaghlaigh. Fuair John saoroideachas dara leibhéal i gColáiste Cholm Cille sa chathair. Ina dhiaidh sin, fuair sé scoláireacht le freastal ar Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, áit ar bhain sé céim amach sa Fhraincis agus sa Stair. D'fhill sé ar chathair Dhoire sa bhliain 1957 agus thosaigh sé ag múineadh ina sheanscoil. Ag an am sin, bhí an bhochtaineacht forleathan i measc an phobail náisiúnaigh sa chathair. Bhí teannas idir an pobal náisiúnach agus an pobal aontachtach mar gheall ar an éagóir a bhí á déanamh ar náisiúnaithe i gcúrsaí fostaíochta agus tithíochta.

Shocraigh John dul i ngleic leis na fadhbanna sa chathair. Sa bhliain 1960, bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Chomhar Creidmheasa Dhoire. Ba é a gcuspóir cabhrú leis na daoine bochta.

3. Go luath sna seascaidí, bhí rialtas Westminster ag lorg láthair d'ollscoil nua i dTuaisceart Éireann. Bhí John ina chathaoirleach ar fheachtas a cuireadh ar bun ag iarraidh an ollscoil nua a thabhairt go cathair Dhoire. Chreid siad go mbeadh cathair Dhoire oiriúnach mar láthair don ollscoil nua toisc go raibh traidisiún láidir ardoideachais sa chathair. Bhí Coláiste Mhig Aoidh sa chathair ó 1865, bhí leabharlann bhreá sa choláiste agus campas mór ann. Ina ainneoin sin, rinneadh cinneadh an ollscoil a chur i gceantar Chúil Raithin, baile aontachtach. Ba bhuille mór é don phobal náisiúnach ar fud Thuaisceart Éireann. Ba léir dóibh go raibh sé i gceist ag an rialtas na forbairtí móra go léir a lonnú i gceantair na n-aontachtaithe i gcónaí. Bhí John gníomhach freisin i bhfeachtas chun tithe fiúntacha a sholáthar do phobal náisiúnach Dhoire. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí an Derry Development Association a bhí ag iarraidh gnó agus tionsclaíocht a mhealladh go dtí an chathair chun breis fostaíochta a chruthú don phobal. Nuair a bunaíodh Gluaiseacht na gCeart Sibhialta i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1967, bhí John lárnach inti. Ba é an aidhm a bhí acu ná brú a chur ar Rialtas na Breataine cothrom na Féinne a thabhairt do shaoránaigh Thuaisceart Éireann ar fad.

4. Toghadh John Hume mar fheisire de Pharlaimint Thuaisceart Éireann i 1969. Bhí na Trioblóidí faoi lán seoil i dTuaisceart Éireann faoin am sin. Bhí John i measc bhunaitheoirí Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (an SDLP) i 1970. Ba é an dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume agus ag an SDLP ná go raibh todhchaí an tuaiscirt ag brath ar chomhthuisicint agus ar chomhthoil na bpobal creidimh agus polaitíochta éagsúil ann. Ceapadh Hume ina cheannaire ar an SDLP i 1979. Toghadh mar fheisire de Pharlaimint na hEorpa é chomh maith. Toghadh mar fheisire de Pharlaimint

|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>Westminster i 1983 é. D'oibrigh John Hume gan staonadh ina shaol polaitiúil le tacaíocht a fháil ó pholaiteoirí cumhachtacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Eoraip do phróiseas na síochána. Sa bhliain 1986, thosaigh John Hume cainteanna rúnda le Gerry Adams, ceannaire Shinn Féin, ag iarraidh air a chur ina luí ar an IRA go raibh bealach na síochána níos córa ná an lámh láidir. Cáineadh Hume go géar mar gheall ar na cainteanna síochána seo le Gerry Adams. Ina ainneoin sin, lean sé ar aghaidh leis na cainteanna mar chreid sé go daingean gurbh fhiú an tairbhe an trioblóid dá mbainfí síocháin amach. Agus bhí toradh ar na cainteanna le Gerry Adams. D'fhógair an IRA sos cogaidh i 1994.</p> <p>5. Nuair a thug an tUachtarán Bill Clinton cuairt ar chathair Dhoire i 1995, bhí bród air a bheith i gcathair dhúchais John Hume. Dúirt an tUachtarán Clinton ina óráid gurbh é Hume an curadh síoraí ar son cearta daonna agus an guth deisbhéalach i gcoinne an fhoréigin.</p> | <p>Lean próiseas na síochána ar aghaidh go dtí sa deireadh, ar an 10 Aibreán 1998, gur síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta agus gur tháinig Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an bhfód. D'éirigh John Hume as an bpolaitíocht lánaimseartha in 2005. I ráiteas a thug John agus é ag machnamh ar a shaol sa pholaitíocht, dúirt sé nach ndeachaigh sé leis an bpolaitíocht le bheith ina cheannaire ach le cuidiú le daoine. Ag Aifreann a shochraide i mí Lúnasa, dúirt mac John Hume go raibh obair a athar bunaithe ar an tuiscint go mbíonn daoine ag brath ar a chéile i gcónaí agus nach mbíonn aon duine neamhspleách ar a chomhdhaoine. Chreid John Hume go daingean, a dúirt a mhac, gurb iad an meas agus an grá bunchlocha gach aon phobail. Chreid sé fosta, a dúirt sé, nár chóir géilleadh ach leanúint leis an obair go mbaintear an sprioc amach. Rinne John Hume beart de réir a bhriathair.</p> <p style="text-align: right;"><i>Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla</i></p> |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

## Ceisteanna

1. (a) Cén moladh a tugadh do John Hume nuair a fógraíodh a bhás ar an 3 Lúnasa 2020? (Alt 1)  
(b) (i) Scríobh síos cúis **amháin** ar bronnadh Duais Nobel na Síochána ar John Hume sa bhliain 1998. (Alt 1)  
(ii) Cén cur chuige a chothaigh Martin Luther King san fheachtas chun cearta sibhialta a bhaint amach do dhaoine gorma? (Alt 1)  
(7 marc)
2. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi thuismitheoirí John Hume. (Alt 2)  
(b) (i) Tabhair pointe **amháin** eolais faoi oideachas dara leibhéal John Hume. (Alt 2)  
(ii) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin bpobal náisiúnach i gcathair Dhoire nuair a d'fhill John abhaile sa bhliain 1957. (Alt 2)  
(7 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a mbeadh cathair Dhoire oiriúnach mar láthair don ollscoil nua. (Alt 3)  
(b) (i) Cén fáth ar bunaíodh an Derry Development Association? (Alt 3)  
(ii) Cén aidhm a bhí ag Gluaiseacht na gCeart Sibhialta i dTuaisceart Éireann? (Alt 3)  
(7 marc)
4. (a) Cén dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume agus ag an SDLP ar thodhchaí an tuaiscirt? (Alt 4)  
(b) (i) Cén fáth ar thosaigh John Hume cainteanna rúnda le Gerry Adams sa bhliain 1986? (Alt 4)  
(ii) Cén toradh a bhí ar na cainteanna síochána idir John Hume agus Gerry Adams? (Alt 4)  
(7 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** rud a dúirt an tUachtarán Bill Clinton ina óráid nuair a thug sé cuairt ar chathair Dhoire i 1995. (Alt 5)  
(b) (i) Cad a dúirt John Hume i ráiteas agus é ag machnamh ar a shaol sa pholaitíocht? (Alt 5)  
(ii) Luaigh **dhá** rud a dúirt mac John Hume faoina athair ag Aifreann a shochraide. (Alt 5)  
(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5.  
(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** thréith de chuid John Hume, dar leat. Bíodh sampla **amháin** ón sliocht agat, i **d'fhocail féin**, ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)  
(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

### Scéalta ón mbliain 2020

**1.** Cuimhneofar ar an mbliain 2020 mar bhliain na paindéime nuair a bhí an coróinvíreas ag leathadh i ngach tír ar domhan. Ach bhí go leor scéalta móra eile sa nuacht idirnáisiúnta freisin. Scéal amháin díobh sin ba ea an Breatimeacht. D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020, tar éis 47 bliain de bhallraíocht. Bhí cainteanna ar siúl ar feadh na bliana idir taidhleoirí an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe ag iarraidh téarmaí trádála agus polaitiúla an Bhreatimeachta a réiteach. Bhí léirsithe ar siúl ar fud an domhain ó mhí na Bealtaine ar aghaidh ag tacú leis an ngluaiseacht *Black Lives Matter* agus ag iarraidh cearta an phobail ghoirm a chur chun cinn. Thosaigh na léirsithe sin de thoradh na gcíríbeacha a tharla i Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a maraíodh an fear gorm, George Floyd, i gcathair Minneapolis. I mí na Samhna 2020, fuair Joe Biden, iarrthóir na nDaonlathach, bua ar an Uachtarán Donald Trump i dtoghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe. Chuir sé sin deireadh le ré chorraitheach Trump. Is í Kamala Harris, bean ghorm de bhunadh na hÁise Theas, an Leas-Uachtarán nua. Is í Kamala Harris an chéad bhean, agus an chéad duine gorm, a toghadh riamh mar Leas-Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

**2.** Tá géarchéim na dídine linn i gcónaí in Éirinn agus ba mhinic a bhí tuairiscí ar an easpa dídine sa nuacht le linn 2020. De réir na dtuairiscí, tá a lán daoine gan dídean bhuan fós. Tá na daoine sin lonnaithe i gcóiríocht éigeandála agus iad ag baint úsáide as seirbhísí do dhaoine gan dídean. Tráchtar sna tuairiscí ar obair eagraíochtaí carthanachta mar Focus Ireland agus Clann Shíomóin, atá ag cabhrú leis an gcruachas a mhaolú. Tá go leor beartas i bhfeidhm ag an rialtas chun dul i ngleic le fadhb na heaspa dídine. Tá infheistíocht déanta acu chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla agus le forbróirí príobháideacha níos mó tithe a thógáil, agus chun dlús a chur le soláthar tithíochta sóisialta do dhaoine nach bhfuil in ann teach a cheannach dóibh féin. Táthar ag súil leis

go mbeidh torthaí fiúntacha ar bheartais an rialtais, go gcuirfear dóthain tithe ar fáil sna háiteanna is mó éileamh agus go mbeifear ábalta an easpa dídine a bhainistiú go dtí go gcuirfear deireadh léi.

**3.** I mí an Mheithimh seo caite, toghadh Éire ina ball de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don tréimhse 2021-22. Is é príomhfhreagracht na Comhairle Slándála ná an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothú. Tá Éire ag plé le coimeád na síochána ar son na Náisiún Aontaithe ón mbliain 1958 anall. Glacann fir agus mná na hÉireann páirt i misin choimeáda síochána de chuid na Náisiún Aontaithe san Eoraip, san Áise, san Afraic, i Meiriceá Láir agus sa Mheánoirthear. Bíonn cuspóirí éagsúla leis na misin sin. Bíonn na misin i gceantair áirithe ag iarraidh coinbhleachtaí a chosc agus an tsíocháin a dhéanamh. In áiteanna eile, bíonn siad ag déileáil le gníomhaíochtaí daonnúla agus tarrthála. Oibríonn siad i gceantair ina bhfuiltear ag iarraidh dul i ngleic leis an dí-armáil. Agus é ag caint faoin tábhacht a bhaineann le suíochán na hÉireann ar an gComhairle Slándála, dúirt Leo Varadkar go mbeadh sé mar sprioc ag rialtas na tíre an taithí atá againn ar an gcoimhlint a réiteach ar an oileán seo a roinnt le comhaltaí eile chun an tsíocháin a chur chun cinn agus chun cearta daonna a chosaint ar fud an domhain.

**4.** Foilsíodh an leabhar '*A Life on Our Planet*' le David Attenborough in 2020. Is eolaí iomráiteach ar stair an dúlra é. Scríobh sé an leabhar chun cuntas pearsanta a thabhairt ar an damáiste atá á dhéanamh don bhitheagsúlacht ar an bpláinéad. Dar le David Attenborough, tá an bhitheagsúlacht – an éagsúlacht fhairsing ainmhithe, plandaí agus gnáthóg atá thart orainn – ag meath. Tá gnáthóga á scriosadh, tá speicis á ndíothú, tá laghdú ar fhluirise an fhiadhúlra, agus tá díghrádú ar an aer, ar an uisce agus ar ithreacha. Tá líon na n-iasc tite sna farraigí timpeall an domhain. Tá blúirí plaisteacha ina mbolg ag níos mó ná 90% d'éin farraige an domhain. Leagtar níos mó ná 15 bhilliún crann

gach bliain. Tá ardú suntasach ar an méid carbóin atá á scaoileadh san atmaisféar agus déanann sé sin dochar millteanach don dúlra. Creideann David Attenborough nach bhfuil sé ródhéanach fós chun an pláinéad a shábháil ar an damáiste agus ar an anachain. Ach dar leis, tá gá le toil na rialtas agus na bpobal uile ar fud an domhain, chun ár dtionchar ar an bpláinéad a bhainistiú, chun cúiteamh a dhéanamh sa damáiste atá déanta agus chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh as seo amach.

5. Tá cuid mhór deiseanna fostaíochta le Gaeilge ar fáil anseo in Éirinn agus thar lear, go háirithe san Aontas Eorpach. Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ón mbliain 2007 ar aghaidh agus beidh stádas iomlán aici mar theanga oifigiúil agus oibre

de chuid an Aontais Eorpaigh faoin mbliain 2022. Tá go leor daoine i mbun seirbhísí Gaeilge a sholáthar in institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi láthair agus beidh níos mó gairmeacha le Gaeilge le fáil iontu sna blianta amach romhainn. Eagraíodh seimineáir agus ceardlanna ar líne i rith 2020 chun eolas a scaipeadh faoi na deiseanna fostaíochta le Gaeilge san Aontas Eorpach. Cuireann Aonad an Aistriúcháin Ghaeilge sa Choimisiún Eorpach an comórtas *Aistritheoirí Óga* ar siúl gach bliain. Tá sé dírithe ar scoláirí meánscoile ar fud oileán na hÉireann. Cuirtear an comórtas ar siúl chun ardchaighdeán Gaeilge a chur chun cinn i measc scoláirí meánscoile agus chun suim daoine óga a mhúscailt i ngairmeacha le Gaeilge.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

## Ceisteanna

1. (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mBreatimeacht. (Alt 1)  
 (b) (i) Cén fáth ar thosaigh na léirsithe ag tacú leis an ngluaiseacht *Black Lives Matter*? (Alt 1)  
 (ii) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi thoghadh Kamala Harris, an Leas-Uachtarán nua ar Stáit Aontaithe Mheiriceá. (Alt 1)  
 (7 marc)
2. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin easpa dídine sa tír seo, de réir na dtuairiscí sa nuacht le linn 2020. (Alt 2)  
 (b) (i) Luaigh **dhá** bheartas de chuid an rialtais chun dul i ngleic le fadhb na heaspa dídine. (Alt 2)  
 (ii) Scríobh síos toradh fiúntach **amháin** a bhfuiltear ag súil leis ar bheartais an rialtais. (Alt 2)  
 (7 marc)
3. (a) Cén phríomhfhreagracht atá ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe? (Alt 3)  
 (b) (i) Luaigh **dhá** chuspóir a bhíonn le misin choimeádta síochána na Náisiún Aontaithe. (Alt 3)  
 (ii) Cén sprioc a bheidh ag rialtas na hÉireann agus suíochán acu ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, dar le Leo Varadkar? (Alt 3)  
 (7 marc)
4. (a) Cén fáth ar scríobh David Attenborough an leabhar *A Life on Our Planet*? (Alt 4)  
 (b) (i) Cad a deir David Attenborough faoi éin farraige an domhain? (Alt 4)  
 (ii) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil gá le toil na rialtas agus na bpobal uile ar fud an domhain, dar le David Attenborough. (Alt 4)  
 (7 marc)
5. (a) Cén stádas a bheidh ag an nGaeilge san Aontas Eorpach faoin mbliain 2022? (Alt 5)  
 (b) (i) Cén fáth ar eagraíodh seimineáir agus ceardlanna ar líne i rith 2020? (Alt 5)  
 (ii) Luaigh **dhá** chúis a gcuirtear an comórtas *Aistritheoirí Óga* ar siúl. (Alt 5)  
 (7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 2 **agus** sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiséal ginideach uatha in Alt 3.  
 (b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais, i **d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)  
 (15 mharc)

## ***Ceist 2 PRÓS (30 marc)***

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

### **2A. Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

#### **(a) Oisín i dTír na nÓg**

‘Is é grá Oisín do Niamh Chinn Óir agus a dhílseacht dá athair, Fionn, agus do na Fianna, is cúis lena chruachás sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**nó**

#### **(b) Dís**

‘Tugtar léiriú dúinn ar shaol bhean Sheáin agus ar an tionchar a bhí ag cuairt bhean an tsuirbhé uirthi sa ghearrscéal *Dís*.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

### **2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

- (a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos an **dá** thréith is mó a bhaineann leis an bpríomhcharachtar (leis an bpríomhphearsa) sa scéal béaloidis sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar an **dá** thréith sin ó thús deireadh an scéil bhéaloidis sin.

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

- (b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an ghearrscéil.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

## Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

### – FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

#### 3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

##### (a) Géibheann

- (i) 'Sa dán *Géibheann* (thíos), is trí shúile an ainmhí féin a fhaighimid léargas ar an gcodarsnacht idir an cineál saoil a bhí aige tráth agus an cineál saoil atá aige anois.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) An teideal oiriúnach ar an dán é *Géibheann*, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

#### Géibheann

Ainmhí mé

ainmhí allta  
as na teochreasa  
a bhfuil clú agus cáil  
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille  
tráth  
le mo gháir

ach anois  
luím síos  
agus breathnaím trí leathshúil  
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine  
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith  
dom  
ach mé a ligean amach.

**(b) An Spailpín Fánach**

- (i) 'Sa dán *An Spailpín Fánach* (thíos), tugann an spailpín cuntas pearsanta dúinn ar a shaol in Éirinn na linne sin.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin mheadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán. (9 marc)

**An Spailpín Fánach**

Im spailpín fánach atáim le fada  
ag seasamh ar mo shláinte,  
ag siúl an drúchta go moch ar maidin  
's ag bailiú galair ráithe;  
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,  
cleith is píc chun sáite  
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm  
sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thrial go Cluain gheal Meala  
's as san go Tiobraid Árann;  
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn  
cúrsa leathan láidir;  
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic  
ag dul chun tosaigh ceard leo  
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –  
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal  
ag díol ná ag reic mo shláinte  
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,  
im scaoinse ar leataoibh sráide,  
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill  
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;  
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –  
siúd siúl ar an spailpín fánach.

### 3B. Filíocht Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) nó (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

#### (a)

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) An bhfuil teideal an dáin oiriúnach do phríomhthéama an dáin, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gearid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

**nó**

#### (b)

- (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cén teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán seo? Scríobh síos **dhá** pointe eolais faoin teicníc sin sa dán. (9 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

### – LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

#### 4A. An Triail

‘Sa dráma *An Triail*, tugtar léiriú dúinn ar chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, nuair a dhiúltaíonn go leor de na daoine timpeall uirthi cabhair a thabhairt di in am a gátair.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4B. A Thig Ná Tit Orm

‘Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas taitneamhach dúinn ar eachtraí a tharla dó féin, agus ina phobal féin, nuair a bhí sé ag fás aníos sa Ghaeltacht.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

‘Tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar Fhionn mac Cumhaill mar fhear éadmhar díoltasach sa *Tóraíocht*.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4D. Gafa

‘Tá saol na máthar, Eithne, ina chíos thuathail, í ag déileáil le handúil a mic, Eoin, agus le heaspa tacaíochta a fir chéile, Breandán, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.’  
Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

#### 4E. Canary Wharf

‘Sa scéal *Canary Wharf*, bhí Éamonn trína chéile. Níor thuig sé cén bhaint a bhí ag aon rud le chéile. An raibh sé ag dul le báiní?’

Déan plé ar chás Éamoinn agus mar a chuireann caint na beirte, Prendergast agus Warrighe, mearbhall air.

(40 marc)

#### 4F. Dánta Breise – Éiceolaí

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Éiceolaí* (thall), dar leat? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.

Ní maith léi fiántas.

Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán

ná piast ag piastáil

is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

(10 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais faoin atmaisféar sin.

Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

(10 marc)

## Éiceolaí

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,  
a fear, a mac,  
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.  
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.  
Ní maith léi fiántas.  
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán  
ná piast ag piastáil  
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.  
Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.  
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**